# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain, Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 11 - 17 Aibreán 2026**

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 12 Aibreán ar a 9.00rn**
**Intinn:** Peigí Mistéal, Baile an Ghleanna, C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 12 Aibreán ar a 10.00rn**
**Intinn:** Mary Murphy, Baile an Ghleanna agus Swatragh, Co. Dhoire.

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eamon Mulvihill 066-7139145

**Guí an Phobail**
Seosaimh Feirtéar, Tíorabháin, a fuair bás le déanaí.
Pascal Beringer, An Cheathrú, a fuair bás le déanaí.
An tAthair Tomás Ó hIceadha, 5ú Cuimhneachán Bliana.
Kathleen agus Paul Hayden, Muiríoch, C.B.
Joe Fleming, An Bhreatain Bheag, C.B.

**Adhradh na Naomh Shacraiminte i Séipéal Naomh Gobnait an Domhnach seo chugainn, 19 Aibreán, idir 2.00 – 4.00in.**

**Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 18 Aibreán ar a 7.30in**
**Intinn:** **1.** Pádraig Ó Dúbhda, Cill Chúile, 1ú C.B.
**2.** Seosamh Ó Ceallacháin, Cill Chuáin, 3ú C.B.
**3.** Micheál Ó Conaill, Muiríoch agus An Caladh, C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 19 Aibreán ar a 10.00rn.**
**Intinn:** Peigí Uí Loingsigh, Ard na Caithne, 1ú C.B.



**Aifrinntí i rith na seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn

**Boscaí Trócaire**
Is féidir na Boscaí Trócaire a thabhairt thar nais go dtí na séipéil.

**Mo Thiarna is mo Dhia (Eoin 20-28)**

## Bailiúchán Speisialta
Beidh Bailiúchán Speisialta ar mhaithe le Seirbhísí Teaghlaigh agus Accord an deireadh seachtaine seo **11/12 Aibreán.**

## Clúdaigh na Cásca agus Ofráil an Earraigh
Is féidir Clúdaigh na Cásca agus clúdaigh do Ofráil an Earraigh a thabhairt thar nais anois. Buíochas le gach uile dhuine a thugann amach na clúdaigh agus na daoine a bhíonn chomh fial leis an gciste seo, is do thuarastal na sagart na síntiúis seo. Go gcuití Dia go fial libh.




**Féile na Trócaire Diaga**
Ceiliúrfar Féile na Trócaire Diaga an Domhnach seo, 12 Aibreán i Séipéal Naomh Uinseann ar a 3.00in. Fáilte roimh chách.

**Oilithreacht go Avellino, San Giovanni Rotondo agus Pompeii,** 25 Lúnasa – 1 Meán Fómhair 2026. Stiúrthóir Spioradálta An tAthair Eoghan. Eolas ó Ann Fehan 087-2738103.

## Buíochas
Buíochas le gach duine a chabhraigh in aon tslí le Searmanais na Cásca agus le hAisteoirí Bhréanainn a léirigh Dráma na Páise. Buíochas leis na ceoltóirí, amhránaithe, léitheoirí, na daoine a mhaisigh na séipéil agus timpeall na séipéal.

**Feachtas Bailithe Airgid**
Tá feachtas bailithe airgid ar bun le tamall anuas chun cabhrú le cothabháil leanúnach na dtrí séipéal sa pharóiste. Tá bileoga sna séipéil nó ar suíomh na deoise www.dioceseofkerry.ie ar leathanach Pharóiste an Fheirtéaraigh nó glaoigh ar Thigh na Sagart 066-9156131.



## Ní Neart Go Cur Le Chéile
Iarrtar ort teacht amach agus seasamh a thógaint ar son breis foirne, leapacha, áiseanna agus seirbhísí a bheith ar fáil in Ospidéal Pobail Chorca Dhuibhne, Dé Sathairn, 18 Aibreán, ar a 3.30in in Ospidéal Pobail Chorca Dhuibhne. Breis eolais 0872890625 / 0863892129.

**Féile na Trócaire Diaga**
Tá teachtaireacht na Trócaire Diaga i gcroí an tsoiscéil. Cuireann sé fírinne agus glao an tsoiscéil in iúl agus d'fhógair an Pápa Eoin Pól II ina imlitir *Saibhir sa Ghrá* gurb é an teachtaireacht dár nglúin-na é. 'Caithfidh an Eaglais a thuiscint gur ceann dá príomhdhualgais é, i ngach aois agus go háirithe san aois ina bhfuilimid, rúndiamhair na trócaire a nochtadh thar na bearta in Íosa Críost, a fhógairt agus a chur i bhfeidhm ar ár saol' (14). Arís agus arís eile chuir ár dTiarna in iúl do Naomh Fabhstíná a mhian go n-inseofaí a thrócaire don saol mór .
**Dúirt Íosa le Naomh Faustina: Bhrúcht Féile na Trócaire ó dhoimhne mo chneastachta. Is é mo mhian go gceiliúrfar Féile na Trócaire Diaga go sollúnta ar an gcéad Domhnach tar éis na Cásca. Ní bheidh síocháin ag an gcine daonna go gcasa siad chun Foinse mo Thrócaire. ( Dialann 699 )**

## Scéim Faoiseamh Cánach
Tá an deoise agus an paróiste seo ag glacadh páirt le roinnt blianta i Scéim Faoiseamh Cánach a ritheann na Comisinéirí Ioncaim. Bheinn buíoch dá bhféadfadh breis daoine páirt a ghlacadh sa scéim. Is féidir é seo a dhéanamh **ach na síntiúis ar fad a chur ins na clúdaigh seachtainiúil agus na clúdaigh do thuarastal na sagart** (Nollaig, Cáisc, Earrach, Fómhar, Aifrinntí na Samhna). Má íochann tú cáin agus má bhíonn €250 nó níos mó tugtha don bparóiste in aon bhliain amháin, bíonn an paróiste ábalta airgead a fháil thar nais ón rialtas, **ní chosnaíonn sé aon airgead breise oraibh**. Fuaireamar breis agus €15,000 thar nais anuraidh. Mar is eol daoibh úsáidtear an t-airgead do chothabháil agus gnáth chostaisí:- aibhléis, árachás, ola, táille na deoise agus irl. Beidh litreacha ag dul amach go luath go dtí na daoine a thug €250 nó níos mó i 2025. Ní gá siniú anois ach **gach cúigiú** bliain. Má tá aon cheist cuir r-phost go oifig@yahoo.ie nó glaoigh ar 9156131. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a ghlacann páirt sa scéim seo, go gcuití Dia go fial libh as bhur bhflaithiúlacht.

**Ciste an Pharóiste**
Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana.
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie